☸An Lúibín☸

30 Aibreán 2011

Féile na Meán Ceilteach

Féile atá beag ach beoga is ea Féile na Meán Ceilteach. Cinnte, níl inti ach miondreamanna ag caint le chéile, ag scrúdú shaothar a chéile agus ag cogarnaíl sna cúinní, ach níor chóir a rá dá bharr nach bhfuil tábhacht léi. Bhí sí ar siúl i mbliana ar Oileán Leòdhais in Albain, agus d'éirigh go seoigh le TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Bhí ceithre stáisiún ar an ngearrliosta do staisiún raidió na bliana – BBC Radio Cymru, BBC Radio Wales, BBC Radio nan Gàidheal agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. RnaG (stáisiún atá daichead bliain ar an aer) a rug an chraobh leis. (An té ar spéis leis raon craoltóireachta RnaG, téadh sé chun ***www.rte.ie/rnag*** agus ansin chun 'Caint,' agus feicfidh sé cláir áitiúla, idirnáisiúnta agus chultúrtha, daoine ag caint faoi bhóithríní, faoi leabhair, faoi na healaíona, faoi chúrsaí polaitíochta agus faoi imeachtaí thar lear.)

Ní raibh TG4 thíos leis an scéal ach oiread. Moladh *An Píopa,* clár faoi chonspóid Ghás na Coiribe in iarthuaisceart Mhaigh Eo, agus ghnóthaigh *1916 Seachtar na Cásca* an duais do Shraith Fhíorasach is Fearr. D'fhág sin *Na Cloigne*, scéinséir osnádúrtha a thuill an duais don tSraith Drámaíochta is Fearr.

Níl cláir TG4 gan locht, ach cuireann an stáisiún ar fáil cuid den ábhar is suimiúla a d'fheicfeá in Éirinn, rud is furasta a dheimhniú ach cuairt a thabhairt ar ***www.tg4.ie***.

♦❖♦❖♦❖♦

An Ghaeilge agus na daonáirimh

Sa *Lúibín* deireanach rinneadh tagairt don 25% d'Astrálaigh ar de shliocht Éireannach iad, figiúir a bhaineann leis na mílte a bhfuil sinsear ó Éirinn acu – cailín ó Chontae an Chláir, abair, a phós duine dá muintir sna 1860s.

Déanann staitisticí de chuid dhaonáireamh 2006 léiriú nua ar an scéal: bhí 263,619 Astralách ann sa bhliain sin ar rugadh a máthair agus a n-athair in Éirinn, 118,394 ar rugadh a n-athair amháin ann agus 75,501 ar rugadh a máthair amháin ann. B'fhéidir go mbeadh roinnt Gaeilgeoirí ina measc, ach ní furasta teacht ar an eolas sin.

Ní thaispeánann an daonáireamh cá mhéad cainteoir Gaeilge atá san Astráil ina n-iomláine. Os a choinne sin, agus daoine *a rugadh thar lear* i gceist, insíonn sé dúinn cad iad na teangacha a bhí á n-úsáid ag a dteaghlaigh siúd sa bhliain 2006. Ag seo na cúig cinn is mó:

Teangacha teaghlaigh na ndaoine a rugadh thar lear:

Béarla	48,304
Gaeilge	641
Gàidhlig	276
Fraincis	89
German	61

Is ait an scéal é go mbeadh Gaeilge á húsáid ag 641 teaghlach, cé nach deirtear cén fheidhm a bheadh á baint acu aisti – an cúpla focal anois agus arís, b'fhéidir. Is cinnte, ar aon chuma, gur mó go mór líon na nGaeilgeoirí aonair ná líon na dteaghlach úd, cé gur deacair meastachán cruinn a dhéanamh.

Faoi láthair tá méadú ag teacht ar líon na n-inimirceach ó Éirinn. B'fhéidir go gcuirfí le staitisticí na Gaeilge san Astráil dá bharr, ach ní bheidh a fhios againn go ceann tamaill eile.

(Táimid buíoch d'Éilis Hurst as na figiúirí seo thuas a chur faoinár mbráid.)

In Éirinn rinneadh an daonáireamh is déanaí i mbliana, agus é á lochtú go géar ag Gaeilgeoirí. Bhí sé de chead ag daoine foirm Ghaeilge a iarraidh, ach dhiúltaigh na húdaráis seoltaí Gaeilge a úsáid. Maidir le Foirm E, foirm do dhaoine atá thar lear lá an daonáirimh, ní raibh aon leagan di le fáil i nGaeilge. Mar a dúirt duine éigin, dealraíonn sé nach dtugann Gaeilgeoirí a n-aghaidh ar thíortha eile.

Deireadh an liúntais

Tá scéim labhairt na Gaeltachta le ligean ar lár. De réir na scéime seo, tugtar €260 in aghaidh na bliana do theaghlaigh arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga nádúrtha, dar leis an Roinn. Ba léir le fada an lá gur beag éifeacht a bhí leis an scéim.. Bhí fáilte roimh an airgead, gan amhras, ach minic go leor ní thabharfaí é ach toisc go raibh 'iarracht á déanamh'.

Deir an Roinn go gcuirfear scéim nua ar bun a bheidh ag cur le cuspóirí na Straitéise Fiche Bliain don Ghaeilge. Bhí tábhacht leis an tseanscéim mar shlat tomhais chun neart na gceantar Gaeltachta a mheas, agus mar chritéar do scéimeanna deontais agus tacaíochta.

Thugadh daoine éigin 'breabaireacht' ar an tseanscéim, agus is cosúil go bhfuil an t-am thart nuair a rachadh a leithéid ar sochar don teanga, má chuaigh riamh. Tá an Ghaeilge i gcruachás sna ceantair dheireanacha a bhfuil sí á labhairt mar theanga thraidisiúnta agus ba dheacair a rá gur féidir an scéal a réiteach anois. Tá sé i ndán don teanga lonnú sna bruachbhailte (féach *An Lúibín*, 19/4/2011), agus lá eigin feicfear Gaeilgeoirí ag cur fúthu arís ar an gCeathrú Rua, i gCorca Dhuibhne agus i nGaoth Dobhair, dúil acu sna radhairc áille agus blas cathrach ar a gcuid cainte.

Gaeilge Montréal

Tá Éireannaigh ag teacht chun Ceanada ón 17ú haois i leith, agus tháinig na mílte duine acu i dtír ar oileán Grosse-Île in Québec i rith an Drochshaoil, áit a bhfuair mórán acu bás den fhiabhras. Is minic a rinne a bhfuílleach ar chathair Montréal, áit a raibh a leithéidí eile rompu; sa bhliain 1831, tamall maith roimh an Drochshaol, tháinig timpeall 34,000 Éireannach.

Tháinig an Ghaeilge leo, ach de ghnáth chaill na hÉireannaigh a dteanga go grod. Chuaigh siad le sruth an Bhéarla nó bádh iad i measc lucht labhartha Fraincise: is iomái Súilleabhánach a ndearnadh 'Sylvain' de. Anois, agus an Caitliceachas ag meath sa dá phobal, is mó an tsuim atá daoine i gcúrsaí teanga agus náisiúntachta. Tá daoine in Montréal ar fiú leo stair na hÉireann a scrúdú chun teacht ar dhearcadh atá cosúil lena gceann féin i leith an chultúir agus na polaitíochta.[1]

Pé cúis atá leis, tá éileamh ar chúrsaí Gaeilge an *Canadian Irish Studies School*, scoil a cuireadh ar bun in Ollscoil Concordia sa bhliain 2009 chun léargas a thabhairt ar gach gné de shaol na hÉireann. As an

[1] 'Montreal's love of all things Irish,' Hugo O'Doherty, *The Irish Times* 25/4/2011.

Spidéal d'Aoife Ní Churraoin, múinteoir Gaeilge, agus tá a lán daoine nach de shliocht Éireannach iad ag iarraidh an teanga a fhoghlaim uaithi.

Sampla eile é seo den chaoi a dtagann an teanga aníos trí chraiceann cultúir eile mar a bhrúchtfadh sruthán a bhí ag sníomh faoi thalamh. Sin mar atá an scéal i ngach áit a bhfuil sliocht na nGael le fáil ann (go fiú san Airgintín). Ní thiocfaidh pobal mór Gaeilge as, ach tá fiúntas éigin ag roinnt le scata féin.

♦❖♦❖♦❖♦

Droch-chaidreamh

Is fada scoláirí ó Thuaisceart Éireann ag freastal ar chúrsaí Gaeilge sna coláistí samhraidh i nDún na nGall. Ní hé go raibh an oiread sin den teanga á fhoghlaim ag cuid acu sna blianta a chuaigh thart – buachaillí as Béal Feirste nach raibh taithí acu ar shaol na tuaithe agus a bheadh ag ciapadh mhuintir na háite sna bóithríní. Ní dea-chaidreamh, mar sin, a bhí idir cainteoirí dúchais agus cuairteoirí i gcónaí.

Ina fhianaise sin is cuid suntais é ar tharla i Loch an Iúir anuraidh, nuair a d'ionsaigh scata de mhuintir na háite cuid de na scoláirí le camáin. Ní rud é a thitfeadh amach gan chúis, cé gur dhíchéillí an gníomh é, agus ní dócha go raibh baint ag an scéal ach le mionlach. Tá lucht stiúrtha Choláiste Mhuire ar a ndícheall ag iarraidh cúrsaí a leigheas, agus a chúis sin acu: faightear beagnach milliún euró ó na daoine a thugann cuairt ar Loch an Iúir gach bliain, agus tá na mná tí i dtaobh leis an airgead.

Deirtear go bhfáiltíonn formhór an phobail roimh na scoláirí, ach léiríonn an scéal seo rud eile nach minic a gcuimhníonn Gaeilgeoirí air – sin é, nach gá go mbeadh caidreamh nadúrtha ag cainteoirí dúchais agus ag Gaeilgeoirí ar a chéile. Dhá dhream ar leith iad. Anois tá an chuid is oige de chainteoirí dúchais na tuaithe ag iompú ar an mBéarla, agus is dócha go dtiocfaidh deireadh leis na coláistí samhraidh dá bharr i gceann cúpla glúin eile. Saghas réitigh é.

♦❖♦❖♦❖♦

Meicsiceo

Is annamh a chuimhnímid ar Mheicsiceo mar thír a bhfuil ceann de na geilleagair is mó ar domhan aici, agus í ar na tíortha is cumhachtaí ina réigiún féin. Is é an taobh is dorcha den scéal a thaispeántar dúinn de ghnáth, agus is fíor go bhfuil cuid de na fadhbanna is measa amach gan fuascailt ann. Cuid iad de scéal níos casta.

As conspóid agus aighneas a fáisceadh an Meicsiceo atá anois ann. Thosaigh Réabhlóid 1910 de bharr chalaois thoghchánach; toghadh Francisco Madero, ceannaire na réabhlóide, mar uachtarán, ach dúnmharaíodh é. Thosaigh an cogadh arís, agus bhuaigh Venustiano Carranza, fear a leasaigh an bunreacht de réir mhian na coitiantachta. Dúnmharaíodh Carranza sa bhliain 1920, agus dúnmharaíodh Álvaro Obregón, comharba leis, tamall ina dhiaidh sin. Idir an dá linn tháinig Plutarco Elías Calles ar an bhfód agus bhunaigh an Páirtí Réabhlóideach Institiúideach (PRI), dream buanseasmhach. As sin amach, agus go háirithe idir na blianta 1940 agus 1980, tháinig borradh faoin ngeilleagar; ach thaispeáin an PRI taobh eile den Stát – an taobh údarásúil smachtúil.

Sna hochtóidí tháinig na gábha as éadan a chéile: boilsciú, rátaí arda úis, an stát ar mainneachtain. Bhí an PRI ag cúlú agus bhí uisce faoi thalamh ar siúl: sa bhliain 1988 goideadh an uachtarántacht le calaois ó Cuauhtémoc Cárdenas, fear den eite chle, agus rinneadh agóid mhór. Rinneadh Carlos Salinas de Gortari, an t-uachtarán nua, leasú nualiobrálach ar an ngeilleagar, agus lean Ernesto Zedillo é, ach sa bhliain 1994 chlis an geilleagar arís. Thug na Meiriceánaigh slám mór airgid do Mheicsiceo, rinne Zedillo leasú eile agus tháinig an rath ar ais.

Idir na blianta 1885 agus 2000 tháinig meánfhás 5.1% ar an ngeilleagar, agus idir na blianta 2000 agus 2004 laghdaigh líon na mbochtán ó 24% go 17%. Tá an geilleagar ag fás go rábach fós, agus an mheánaicme ag borradh dá réir.

Ach tá na bochtáin líonmhar i gcónaí, agus is mór an bhearna shóisialta atá idir iad agus dream an ghustail – na nuamhaoinigh ag dul trasna Chathair Mheicsiceo ina heileacaptair, dream an bheagáin taobh le traenacha plódaithe. Tá dealramh 'Spáinneach' fós ar na teaghlaigh uasaicmeacha agus cuma 'Indiach' ar a searbhóntaí. Tá seibhísí de dhíth ar mhuintir na tuaithe agus tá slumanna móra timpeall na gcathrach.

Ní mór an mhuinín atá ag daoine as an Stát, foras dorcha a bhfuil claonadh stairiúil aige chun leas na scothaicmí a threisiú. Ina theannta sin, is beag meas atá ag an bpobal ar na póilíní ná ar na cúirteanna. Is fearr na póilíní a sheachaint nó breab a thabhairt dóibh. Tá leatrom déanta ag na fórsaí slándála ar phobail bhundúchasa agus rian na láimhe láidre fágtha acu ar cheantair bhochta chathrach. Ta ualach mór ar na cúirteanna agus acmhainní de dhíth orthu. Níl na húdaráis dall ar na fadhbanna, agus tá iarrachtaí á ndéanamh ar chúrsaí póilíneachta agus dlí a leigheas – toimhde na neamhchiontachta a chur i bhfeidhm, mar shampla.

Ruid a chuireann le stádas Mheicsiceo sa chomharsanacht is ea neart a fhórsaí míleata. Tá sé de chumas aige trealamh míleata dá chuid féin a dhearadh agus a dhéanamh – longa, eitleáin, diúracáin, gléasra leictreonach agus eile. Chuir cogadh na ndrugaí dlús leis an obair seo, agus an-ghá le fearas faireacháin agus modhanna iompair.

An claí

Níor rud annamh é Meiriceánaigh (póilíní san áireamh) a bheith ag smuigleáil uisce beatha agus toitíní thar teorainn. Anois tá Roinn Slándála Baile Mheiriceá ag iarraidh an teorainn a dhaingniú le claí idir na Stáit agus Meicsiceo, ceann atá beagnach 1,100 ciliméadar ar fad agus é de chuspóir aige inimirce neamhdhleathach a bhacadh, teacht roimh iompórtáil na ndrugaí agus sceimhlitheoirí a chosc. Tá gardaí, póilíní agus mílistigh ar patrúl ann, agus táthar chun an claí fisiciúil a chríochnú le claí 'fíorúil' – brathadóirí leictreonacha, ceamaraí, túir, agus ladrainn.

Is é an deacracht atá ann i dtaobh an chlaí nach bhfuil bunús leis na tuairimí ba chúis lena thógáil. Tá sé ag teacht idir pobail ar an dá thaobh a bhfuil caidreamh acu ar a chéile, déantar poill agus bearnaí ann gan dua, agus tá gá i gcónaí i Meiriceá le hoibrithe dúthrachtacha ar bheagán pá. Tá Meicsiceo go mór i dtaobh leis an airgead a chuireann oibrithe abhaile ó na Stáit. Maidir le sceimhlitheoirí, ar bord eitleáin a tháinig siad riamh, ní de shiúl a gcos aneas. I gcás na ndrugaí, ní mór an margadh a mhaolú le cláir d'andúiligh agus deireadh a chur le hairm a dhíol leis na cairtéil, beartas ab fhearr ná claí ar bith.[2]

Drugaí

Ar an drochuair, tá Meicsiceo gafa idir an Cholóim agus na Stáit Aontaithe, rud a fhágann gur trí Mheicsiceo a ghabhann na drugaí a bhfuil an oiread sin éilimh orthu thuaidh. Bhí na cairtéil daingnithe sa tír faoi na hochtóidí, ach ní dhearna siad ar dtús ach na drugaí a iompar; ansin chrom siad ar dhrugaí a dháileadh, agus margadh domhanda rompu. Bagairt, breabaireacht agus bás na trí áis is éifeachtaí acu, agus tá claonadh acu anois chun an t-imeaglú a ghéarú trí pháistí féin a mharú, rud nach ndéanfaí tráth. Ní dual do na grúpaí seo a bheith buanseasmhach, ach iad ag iarraidh i gcónaí buntáiste a bhreith ar a chéile de réir mar is féidir. Cúlú an PRI is cúis leis, ar shlí, ó bhí socrú 'ceart dom, ceart duit' idir na cairtéil agus rialtais áitiúla de chuid an pháirtí, socrú a thit ó chéile nuair a lagaigh an PRI.

Mar sin féin, níl an rialtas díomhaoin. Is fada na fórsaí slándála ag bualadh buillí ar na cairtéil, agus deirtear go bhfuil os cionn 20,000 gáinneálaí drugaí marbh dá bharr. Deirtear freisin nár maraíodh ach scata beag de phóilíní agus de lucht féachana. Ach tá an troid ag dul i ndéine, agus d'fhéadfadh sí an rialtas a threascairt dá leanfaí di fada go leor. Ní i ngach cuid den tír atá an foréigean ar siúl, áfach, agus tá mórán ag brath ar bheartas na Meiriceánach. Tá na cairtéil lonnaithe anois i gcathracha

2 'The battle of the US-Mexico frontier,' **Chris McGreal,** *The Guardian*, 20/2/2011: **www.guardian.co.uk**.

Meiriceánacha, áit a bhfuil an margadh mór, agus tá sé ráite ag na Meicsicigh gur fánach an cúrsa dul i ngleic leis na cairtéil mura ndéantar an t-éileamh a mhúchadh thuaidh.

An timpeallacht

Ní maith an chaoi atá ar thimpeallacht na tíre, rud nach dtuigeann na turasóirí. Tá slad déanta ar na coillte, tá cuid mhaith den talamh millte agus tá na maoschláir truaillithe. Tá dramhaíl neamh-inbhithmhillte ina cairn ar fud an tíre – ceimicigh, boinn, ceallraí, plaisteach. Tá neart PCB ann fós, ceimiceach an-nimhiúil a bhaintí feidhm as mar chuisneán agus mar fhuarthán i gclaochladáin agus i ngléasra leictreach, agus atá ag milleadh na timpeallachta fós.

Tá droch-chaoi ar an séarachas agus níl srian leis an eisealtach a chuireann na monarcha amach – rud is cuis le hailse agus le sócháin ghéiniteacha. Tá na rialacha lag agus ní dhiúltaíonn na húdaráis do bhreabanna. Ar éigean a thugtar aird ar na dlíthe a bhaineann le diúscairt dramhaíola. Is beag údarás áitiúil a scagann dramhaíl agus a dhéanann í a athchúrsáil de réir dlí, obair a fhágtar faoi ghnólachtaí príobháideacha. Dealraíonn sé nach bhfuil an rialtas náisiúnta féin róshásta an dlí a chur i bhfeidhm ar chomhlachtaí idirnáisiúnta.[3]

An chuid eile

Ní bhíonn fadhb gan fuascailt, agus níl fadhbanna in easnamh ar an tír. Ach tá rudaí eile ann – cultúr spleodrach an ghnáthphobail a thugann a gceart don bheatha agus don bhás, ealaíontóirí, scríbhneoirí, lucht scannánaíochta. Ní foláir na sobaldrámaí (*telenovelas)* a áireamh mar ábhar mór easportála ó na nochtóidí i leith. Fáiltíodh rompu sna tíortha Spáinnise go léir agus, chomh maith leis sin, in Oirthear Eorpa – bhí dúil ar leith ag na Rúisigh in *Ní Bhacann an Saibhreas an Brón* (faigheann cailín bocht dídean i dteach mór agus titeann fear óg i ngrá léi…). Léargas iad ar aisling na coitiantachta. Agus tá daoine ann a sheasann an fód i gcoinne na santachán agus na saofóirí – daoine ar rogha leo leas na tíre seachas leas baicle.

Féach:

http://news.bbc.co.uk/2/hi/americas/country_profiles/1205074.stm

http://lanic.utexas.edu/la/mexico/(i *Spáinnis atá an chuid is mó de na foinsí atá luaite ann)*

https://www.cia.gov/library/publications/the-world-factbook/geos/mx.html

♦❖♦❖♦❖♦

Saighdiúirí (tuairim phearsanta)

Gach bliain san Astráil déantar Lá ANZAC (*Australian and New Zealand Army Corps*) a cheiliúradh in ómós na ndaoine a rinne seirbhís chogaidh ar son na tíre. Sibhialtaigh a dhéanann an chuid is mó den chaint agus den mholadh agus den ghol; ní bhíonn an oiread sin le rá ag na daoine a ghabh tríd. Tagann na leabhair amach, bíonn slám cláir theilifíse le feiceáil, baineann drong Astrálach Gallipoli amach agus déantar féile gháifeach den ócáid.

Is beag duine de na sibhialtaigh úd a dhéanann fíormhachnamh ar an scéal, agus idir an dá linn déantar liodán míleata de stair na tíre. Ar éigean a bheadh insint béil ar a bhfaca saighdiúirí agus banaltraí na

3 'Cancún is indeed a nest of serpents – sitting in a vast, toxic rubbish dump,' Luis Hernandez Navarro, *The Guardian*, **www.guardian.co.uk**. 25/11/2010.

tíre sa dá chogadh domhanda, sa Chóiré agus i Vítneam; théadh na seansaighdiúirí ar an drabhlás ar an lá mór, ní á mhaíomh orthu é, agus is mó d'ionracas a bhí ag baint leis sin ná le leath na healaíne a bhíonn ar siúl anois.

Níl aon cheiliúradh is fearr ná an meabhrú ceart, ach is fearr le daoine an maoithneachas ná an fhírinne. Léiriú ar éasc i gcultúr na tíre é a bheith i dtaobh chomh mor sin le finscéalta cogaíochta chun fiúntas agus féiniúlacht an náisiún a dhearbhú. Bíodh meas againn ar na mná agus ar na fir a chonaic an t-uafás sna cogaí, ach b'fhearr gan a scéal siúd a úsáid mar leithscéal chun daoine eile a chur ag óráidíocht ar scáth grá tíre. Is é an t-ómós is fearr binneas an bhuabhaill agus tamall de thost ina dhiaidh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplí

Deireadh an liúntais

Tá scéim labhairt na Gaeltachta le ligean ar lár.[4] De réir na scéime seo, tugtar €260 in aghaidh na bliana do theaghlaigh a bhaineann úsáid nadúrtha as an nGaeilge. Ba léir le fada an lá gur beag éifeacht a bhí leis an scéim, cé go raibh fáilte roimh an airgead riamh.

Bhí tábhacht leis an tseanscéim mar shlat tomhais[5] chun neart na teanga a mheas sna ceantair Ghaeltachta. Deirtear anois go gcuirfear scéim nua ar bun.

Thugadh daoine éigin 'breabaireacht' ar an tseanscéim. Tá an Ghaeilge i gcruachás[6] anois sa Ghaeltacht agus is deacair an scéal a réiteach. Sna bruachbhailte a labhrófar[7] feasta í, agus lá eigin beidh Gaeilgeoirí ón gcathair ag cur fúthu[8] arís sa tsean-Ghaeltacht le dúil sna radhairc.

Gaeilge Montréal

Tá Éireannaigh ag teacht chun Ceanada ón 17ú haois i leith. Thug mórán acu an Ghaeilge leo ach chaill siad go grod í. Chuaigh siad le Béarla nó, más in Montréal a bhí siad, le Fraincis. Bhí an Caitliceachas mar chomhartha féiniúlachta acu. Anois is mó an tsuim atá daoine i gcúrsaí teanga agus náisiúntachta.

Tá éileamh ar chúrsaí Gaeilge an *Canadian Irish Studies School*, scoil a cuireadh ar bun in Ollscoil Concordia sa bhliain 2009 chun léargas a thabhairt ar gach gné de shaol na hÉireann.

Sampla eile é seo den chaoi a dtagann an teanga aníos mar a bhrúchtfadh sruthán atá ag sníomh faoi thalamh. Ní mór an líon daoine a ólann an t-uisce, ach bíonn scata ann i gcónaí, agus baineann cuid acu líofacht amach. Sin mar atá an scéal i ngach tír a bhfuil sliocht na nGael le fáil.

Meicsiceo

Tá ceann de na geilleagair is mó ar domhan ag Meicsico, ach tá fadhbanna móra ann.

Thosaigh Meicsiceo mar atá sé anois le Réabhlóid 1910. Tháinig a lán ceannairí i réim[9] agus dúnmharaíodh cuid acu. Bunaíodh an Páirtí Réabhlóideach Institiúideach (PRI), páirtí mór buanseasmhach, agus bhí rath ar an ngeilleagar idir na blianta 1940 agus 1980, ach thaispeáin an PRI an taobh smachtúil[10] den Stát.

Ní dheachaigh an tír chun cinn gan stad ina dhiaidh sin, ach faoi láthair tá rath uirthi – rud nár chuir deireadh leis an mbochtanas. Tá slumanna timpeall na gcathrach fós. Agus tá fadhbanna eile ann: breabaireacht, droch-iompar na bhfórsaí slándála, feidhmiú[11] míchothrom mall na gcúirteanna.

An claí

Anois tá Roinn Slándála Baile Mheiriceá ag tógáil claí fada idir na Stáit agus Meicsiceo chun inimirce neamhdhleathach agus iomportáil na ndrugaí a bhacadh agus sceimhlitheoirí a chosc. Ach tá an claí sin ag teacht idir pobail ar an dá thaobh a bhfuil caidreamh acu ar a

[4] Ligean le lár - relinquish

[5] Mar shlat tomhais – as a measure

[6] I gcruachás – in dire straits

[7] Labhrófar – will be spoken

[8] Ag cur fúthu – settling

[9] I réim – in power

[10] An taobh smachtúil – the oppressive aspect

[11] Feidhmiú - functioning

chéile[12], déantar bearnaí ann gan dua, agus tá gá ag Meiriceá leis na hoibrithe a thagann ó Mheicsiceo.

Drugaí

Tá Meicsiceo gafa idir an Cholóim agus na Stáit Aontaithe, agus trí Mheicsiceo a thagann na drugaí. Tá na cairtéil[13] ag obair i Meicsiceo ó na hochtóidí i leith[14], agus níl drogall orthu daoine a mharú agus breabanna a thabhairt d'fheidhmeannaigh stáit. Déanann siad buntáiste a bhreith ar a chéile nuair is féidir, agus tá siad le fáil i gcathracha Mheiriceá, áit a bhfaigheann siad mórán gunnaí. Tá na fórsaí slándála ag iarraidh iad a chur faoi chois[15], ach ní mór do na Meiriceánaigh an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú ina dtír féin.

An timpeallacht

Tá droch-chaoi[16] ar na coillte agus ar an talamh agus tá dramhaíl neamh-inbhithmhillte le fáil ar fud an tíre. Tá na rialacha lag agus is minic a thugtar breabanna do na húdaráis. Ní chuireann an rialtas náisiúnta an dlí i bhfeidhm ar chomhlachtaí idirnáisiúnta i gcúrsaí timpeallachta.

An chuid eile

Cultúr bríomhar atá ag Meicsiceo – ealaíontóirí, scríbhneoirí, lucht scannánaíochta, agus ar ndóigh na sobaldrámaí[17] (*telenovelas)* a easportáiltear chun na tíortha Spáinnise go léir agus chun Oirthear Eorpa. Tá daoine ann a sheasann an fód i gcoinne[18] na santachán[19]. Tá na fadhbanna ann ach ní fadhbanna dofhuascailte[20] iad.

[12] A bhfuil caidream acu ar a chéile – that have a relationship with each other

[13] Cairtéil - cartels

[14] Ó na hochtóidí i leith – from the eighties on

[15] Iad a chur faoi chois – suppress them

[16] Droch-chaoi – bad condition

[17] Sobaldrámaí – soaps

[18] A sheasann an fód i gcoinne – who stand in opposition to

[19] Santachán – greedy person

[20] Dofhuascailte - unsolvable